

An Cháilíocht sa Ghaeilge agus an Fráma Tagartha Comónta

An Cháilíocht sa Ghaeilge and the Common European Framework of

Cúlra

Sa bhliain 2001, d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa *Fráma Tagartha Comónta Eorpach Do Theangacha* (FTCET). Bhí sé d'aithne ag an bhFTCET caighdeán a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla a bhíonn le tógáil ag foghlaimoirí agus iad ag foghlaim teanga. Go bunúsach, aithníonn an FTCET sé leibhéal éagsúla agus léirítear iad de ghnáth i dtábla mar seo:

- C2 Úsáideoir Inniúil (Máistreacht)
- C1 Úsáideoir Inniúil (Inniúlacht)
- B2 Úsáideoir Neamhspleách (Idirmheánach Ard)
- B1 Úsáideoir Neamhspleách (Idirmheánach)
- A2 Úsáideoir Bunúsach (Bunleibhéal)
- A1 Úsáideoir Bunúsach (Tosaitheoir)

Ag gach leibhéal, bíonn ar an bhfoghlaimoir inniúlacht a bhaint amach de réir critéar ainmnithe ar leith don leibhéal sin i gcúig scil teanga – éisteacht, léitheoireacht, idirghníomhaíocht labhartha, táirgeadh labhartha agus scríbhneoireacht.

Background

In 2001, the Council of Europe published the *Common European Framework of Reference for Languages* (CEFR). The aim of CEFR was to standardise the different steps that learners take when learning a language. Basically, the CEFR recognises six different levels and they are usually illustrated in table form as follows:

- C2 Proficient User (Mastery)
- C1 Proficient User (Proficiency)
- B2 Independent User (Vantage)
- B1 Independent User (Threshold)
- A2 Basic User (Elementary/Waystage)
- A1 Basic User (Beginner)

At each level, the learner is required to attain competence according to specific prescribed criteria for that level in five language skills – listening, reading, oral interaction, oral production and writing.

Siollabas na Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG/OCG) agus an FTCET

Ó 2001, i leith, tá dearthóirí siollabais agus curaclaim tar éis úsáid a bhaint as an bhFTCET mar phointe tagartha agus iad ag cur siollabas le chéile. Ní haon eisceacht é Siollabas na Cáilíochta sa Ghaeilge – is siollabas é atá bunaithe go ginearálta ar an bhFTCET. Déanann siollabas na Cáilíochta sa Ghaeilge idirdhealú idir an Teanga Ghinearálta a bhíonn ag teastáil ó iarrthóirí agus an Teanga Ghairmiúil a bhíonn ag teastáil uathu. Maidir leis an nGaeilge Ghinearálta, is ar leibhéal B1 sa tábla thuas atá an cumas a éilítear ó iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge. Ciallaíonn sé sin go n-éilítear neamhspleáchas ó iarrthóirí ina gcuid cumarsáide Gaeilge ginearálta ag gnáth-ócáidí sóisialta agus pearsanta. Maidir leis an nGaeilge Ghairmiúil, is ar leibhéal B2 sa tábla thuas atá an cumas a éilítear ó iarrthóirí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil leibhéal níos airde Gaeilge á lorg ó iarrthóirí agus iad i gcumarsáid le páistí, le pobal na scoile agus nuair a bhíonn siad ag plé le hábhair a

bhaineann le gairm na múinteoireachta féin. Tá an bheim sin ar ghairm na múinteoireachta le sonrú ar an measúnú a dhéanann an Cháilíocht sa Ghaeilge ar chumas an iarrthóra:

- 1) an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil leis na páistí mar theanga chaidrimh agus mar theanga bhainisteoireachta ranga;
- 2) gnáthcumarsáid (scríofa agus labhartha) a dhéanamh le daoine fásta

- ó phobal na scoile;
- 3) príomhghnéithe de ghramadach na Gaeilge a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le riachtanais an mhúinteora agus maidir le riachtanais na scoile a úsáid go cruinn;
- 4) plé le litríocht agus le cultúr na hÉireann trí mheán na Gaeilge agus feachtas teanga agus cultúir a chothú i bpáistí;
- 5) éisteacht le míreanna ina mbaintear úsáid as téarmaíocht na scoile agus as téarmaíocht ghairm na bunmhúinteoireachta;
- 6) Gaeilge a mhúineadh go héifeachtach, dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú i bpáistí agus scileanna a bhaineann le foghlaim teangacha a chothú i bpáistí.

The Irish Language Requirement Syllabus and the CEFR

Since 2001, syllabus and curriculum designers have used the CEFR as a reference point in creating syllabi. The syllabus for the Irish Language Requirement is no exception and it is broadly based on the CEFR. The Irish Language Requirement Syllabus differentiates between the general language and the professional language that candidates require. With regard to general Irish, candidates are required to attain level B1. That means that they are expected to be able to communicate independently through Irish at ordinary social and personal occasions. With regard to professional Irish, candidates are required to attain level B2. That means that a higher level of Irish is expected from candidates in their communication with children, with the school community and in their discussion of subjects relating to the profession of teaching itself. That emphasis on the profession of teaching is evident in its assessment of the candidate's competence in:

- 1) using Irish informally with children as

Tagairtí/References

Council of Europe (2001). *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment*. Cambridge: Cambridge University Press.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004). *An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge: Siollabas Teanga*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Mac Suibhne, A. and Whelton, M. (2009). *Scrúth na Maoile: Abhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Institiúid Oideachais Marino.

Eorpach do Theangacha

Reference for Languages

An Cháilíocht sa Ghaeilge



INSTITIÚID OIDEACHAIS


MARINO

INSTITUTE OF EDUCATION

An n-oscailte Coláiste of the University of Dublin, Trinity College

- a socialising language and as a language of classroom management;
- 2) communicating (in writing and orally) with other adults from the school community;
 - 3) accurately using the main aspects of Irish grammar that are of particular significance for the needs of the teacher and the school;
 - 4) discussing Irish literature and culture through the medium of Irish and nurturing knowledge of language and culture in children;
 - 5) listening to texts in which terminology specific to school and to the profession of teaching is used;
 - 6) teaching Irish effectively, nurturing a positive attitude towards Irish in children and promoting skills in relation to learning language in children.

PEADAR MAC GIOLLA BHRÍGHDE,
AODÁN MAC SUIBHNE agus
MARIE WHELTON (Institiúid
Oideachais Marino).



INTOUCH